Irish
Leaving Certificate
Ordinary Level

Past Exam Questions on
Write a Letter/Email

Section 2 QC 2013 Paper 1

C – LITIR / RÍOMHPHOST – (50 marc)

(i) Ghlac tú páirt i dtrialacha don seó nua tallainne ar RTÉ.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó / di faoi na trialacha agus faoi conas a d'éirigh leat iontu.

nó

(ii) Fuair tú ceachtanna tiomána mar bhronntanas ó d'uncail / ó d'aintín.
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuige / chuici ag gabháil buíochais leis / léi agus ag insint dó / di conas a d'éirigh leat sa chéad cheacht.

Section 2 QC 2012 Paper 1

C – LITIR / RÍOMHPHOST– (50 marc)

(i) Tá tú ag caitheamh dhá mhí saoire ag taisteal le do chlann san Astráil.
Scríobh **an litir/ríomhphost** a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoi na rudaí éagsúla a tharla agus tú san Astráil.

nó

(ii) Chuala tú polaiteoir ar an teilifís agus é ag gearán / ag tabhairt amach faoi dhaoine óga.
Scríobh **an litir/ríomhphost** a chuirfeá chuige faoi na rudaí a dúirt sé.

Q1 Part C 2010 Paper 1

C – LITIR – (60 marc)

(i) Tá teach ósta nua oscailte ag do thuismitheoirí agus tá post samhraidh ar fáil sa chistin ann.
Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin bpost agus ag moladh dó/di iarratas a chur isteach ar an bpost sin.

nó

(ii) Tá tú féin agus do chara ag iarraidh airgead a bhailiú chun seandaoine a thabhairt ar saoire.
Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig iarscoláire saibhir ó do scoil ag lorg airgid air/uirthi.

Q1 Part C 2009 Paper 1

C – LITIR – (60 marc)

(i) Tá rothar nua agat agus chuaigh tú ar thuras rothaíochta ar feadh cúpla lá. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go cara leat ag cur síos ar an turas sin.

nó

(ii) Tá d'uncail ina chónaí san Astráil. Tá tú ar saoire leis. Scríobh **litir** (leathleathanach nó mar sin) abhaile go cara leat. Déan cur síos ar na rudaí iontacha ar fad atá ar siúl agat ann.

Q1 Part C 2008 Paper 1

C – LITIR – (60 marc)

(i) Fuair tú post samhraidh in oifig i Sasana. Thaitin an obair agus an t-airgead go mór leat. Scríobh litir abhaile chuig do thuismitheoirí ag míniú dóibh nach mbeidh tú ag filleadh abhaile chun tosú ar chúrsa tríú leibhéal.

nó

(ii) Chonaic tú freastalaí i siopa áitiúil ag díol toitíní (tobac) le daoine óga. Ní raibh tú sásta leis sin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig bainisteoir an tsiopa sin ag gearán faoin rud a chonaic tú.

Q1 Part C 2007 Paper 1

C – LITIR – (60 marc)

(i) Cheannaigh tú ceamara ar an idirlíon le déanaí ach bhí sé briste nuair a fuair tú é. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go dtí an duine a dhíol an ceamara leat.

nó

(ii) Bhí tú ar turas go scoil sa Fhrainc cúpla seachtain ó shin. D'fhan tú i dteach dalta ón scoil sin. Scríobh **an litir** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá go dtí an teaghlach sa Fhrainc nuair a tháinig tú abhaile.